Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# CEANGAIL FHÓINTEACHA

## IBTS A FHORBAIRT 2021 GO 2025



## RÁITEAS STRAITÉISE

# Clár na nÁbhar


RÉAMHRÁ 4

RÉAMHRÁ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH 6

SEIRBHÍS FUILAISTRIÚCHÁIN NA HÉIREANN 8

- Straitéis a fhorbairt le linn paindéime 8

STRUCHTÚR RIALACHAIS 11

ÁR BHFÍS, ÁR MISEAN AGUS ÁR LUACHANNA A ATHNUACHAN 12

- Ár bhFís 12
- Ár Misean 12
- Ár Luachanna 12

PRÍOMHÉACHTAÍ ÓN TRÉIMHSE 2017-2020 13

CEANGAIL FHÓINTEACHA A FHORBAIRT:
CONAS A D'FHORBRAÍOMAR ÁR BPLEAN STRAITÉISEACH 15

PRÍOMHTHREOCHTAÍ 16

COMHTHÉACS DÁR BPLEAN STRAITÉISEACH 16

ÁR N-IARRACHTAÍ COMHSHAOIL 16

BOINN TUISCEANA AGUS AN STRAITÉIS SEO Á FORBAIRT 17

RIOSCAÍ 17

ÁR BPRÍOMHRÉIMSÍ FÓCAIS SNA CÚIG BLIANA AMACH ROMHAINN 18

- COLÚN 1 Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr 19
- COLÚN 2 Barr Feabhais Oibríochtúil a bhaint amach 19
- COLÚN 3 Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú 19

COLÚN 1 AG TACÚ LE CÚRAM SLÁINTE NÍOS FEARR 20

COLÚN 2 BARR FEABHAIS OIBRÍOCHTÚIL A BHAINT AMACH 24

COLÚN 3 TAITHÍ AN CHUSTAIMÉARA A FHEABHSÚ 28

ÁR GCUMASÓIRÍ STRAITÉISEACHA 32

1. TEICNEOLAÍOCHT 34

2. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ 35

3. CÁILÍOCHT 37

4. POBAL AGUS CULTÚR 38

AN STRAITÉIS A SHEACHADADH 40

- An Oifig um Bainistiú Tionscadal 41
- Pleananna maidir le cur in úsáid straitéiseach 41

# Réamhrá



Tá lúcháir orm straitéis IBTS don tréimhse 2021 go 2025 a chur i láthair, ar straitéis í a chuireann leis an straitéis roimh seo a foilsíodh in 2017 agus ina leagtar síos roinnt spriocanna nua a chreidimid gur féidir leis an eagraíocht iad a bhaint amach sna cúig bliana amach romhainn. Tá súil againn go gcuirfidh an teideal atá roghnaithe againn don straitéis seo – *Ceangail Fhóinteacha*– scáth téamach ar fáil atá sothuigthe agus a dtacaíonn gach duine atá ag obair laistigh de Sheirbhís Sláinte na hÉireann leis, mar ní féidir linn caighdeán agus soláthar na seirbhísí a chuirimid go léir romhainn a bhaint amach ach trí bheith ag obair le chéile.

Tarraingítear sa doiciméad seo ar shuirbhéanna a rinneadh ar ár bpáirtithe leasmhara go léir agus a coimisiúnaíodh go seachtrach agus is é toradh na míonna de chomhoibriú idir ár bhfoireann bainistíochta agus teagmháil lenár bhfoireann.

Aithníonn forbairtí spreagúla i réimse na míochaine athghiniúnaí seirbhísí fuilaistriúcháin mar phríomhdhisciplín nideoige chun cúram nua agus feabhsaithe d'othair a fhorbairt. Féachann an straitéis seo do na chéad chúig bliana eile lena chinntiú go nglacfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chion i bhforbairt táirgí agus seirbhísí nua atá deartha chun freastal ar riachtanais cúraim sláinte atá ag teacht chun cinn; cuirfidh sí comhairle agus treoir ar fáil chun dea-chleachtais i réimse an leighis fuilaistriúcháin a chur chun cinn; agus éascóidh sí gnóthú na gcuspóirí sin trí thaighde níos feidhmí a dhéanamh chun nuálaíocht inár dtáirgí agus inár seirbhísí a threorú.

Le roinnt blianta anuas, thacaigh an Bord lena shainchúram reachtúil taighde a leathnú amach ina ghníomhaíocht níos comhordaithe. Ciallaíonn an t-athrú tráthúil béime seo go bhfuil na daoine agus na struchtúir rialachais i bhfeidhm go hinmheánach againn chun maoirseacht a dhéanamh ar leathnú na feidhme sin agus chun cur lenár gcomhair sheachtracha le heagrais eolaíochta agus leighis eile.

Níl aon amhras ach go bhfuil ár bpríomhghníomhaíocht leanúnach i gcónaí, is é sin soláthar sábháilte agus inbhuanaithe fola a chur ar fáil. Chun leanúint ar aghaidh leis sin a dhéanamh go héifeachtach bímid ag brath ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus ar muinín ár bhfaighteoirí. Is gné uathúil é sin den obair a dhéanaimid laistigh den tSeirbhís Fuilaistriúcháin, agus freagracht is ea é a bhfuil an Bord agus an fhoireann go léir an-dáiríre faoi. Is buntaca lárnach dár straitéis é ár seasamh muiníne i sochaí na hÉireann a choinneáil agus beidh sé sin ina bhuntaca dár straitéis i gcónaí.



Linda Hickey
Cathaoirleach

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Is eagraíocht náisiúnta í Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS) atá freagrach as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil, a thástáil, agus a dháileadh in Éirinn. Braitheann sí go huile agus go hiomlán ar fhéile deontóirí nach bhfaigheann íocaíocht chun go leor deonachán a chur ar fáil chun soláthar comhsheasmhach fola agus comhábhair fola d'othair a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach de chúram sláinte nua-aimseartha é an fuilaistriúchán. Maoinítear IBTS trí mhuirear ar a tháirgí agus ar a sheirbhísí a ghearradh ar ospidéil ar phraghas a chomhaontaítear leis an Roinn Sláinte.

Cheap IBTS an Plean Straitéiseach seo, *Ceangail Fhóinteacha*, i ndiaidh próiseas fada comhairliúcháin a reáchtáladh i rith 2020 inar clúdaíodh páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Le teacht COVID-19 ar an bhfód, cuireadh iallach orainn bealaí nua oibre a thabhairt isteach go tapa agus a lán rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil.

Agus muid ag freagairt do na hamanna seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, tá sé léirithe againn gur eagraíocht dhinimiciúil agus aclaí atá ionainn. Tá torthaí an phróisis chomhairliúcháin coimrithe ina bplean a chuirfidh síneadh linn agus a thabharfaidh ár ndúshlán lena uaillmhian.

Cumasóidh teicneolaíocht, cáilíocht, comhpháirtíochtaí, ár bhfoirne agus ár gcultúr na trí cholún dár straitéis; is iad sin ag tacú le cúram sláinte níos fearr; barr feabhais oibríochtúil a bhaint amach agus taithí an chustaiméara a fheabhsú.

Ceapfar plean cur chun feidhme mionsonraithe do gach bliain den straitéis ionas go mbeifear in ann spriocanna nithiúla a bhaint amach.
Cuirfear an plean cur chun feidhme in iúl don fhoireann ar fad ionas go mbeidh gach duine ar an eolas faoin ról atá aige agus an plean uaillmhianach sin á chur i gcrích.


Braitheann uaillmhian an phlean seo go mór ar chur chun feidhme na teicneolaíochta nua a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag go leor de na tionscadail a shainaithneofar le linn shaolré na straitéise.

Beidh deiseanna ann le linn na tréimhse beartaithe measúnú a dhéanamh ar an áit a bhfuilimid ó thaobh dul chun cinn de agus chun athbheartú tosaíochtaí a dhéanamh chun freagairt do dhálaí atá ag athrú más gá.


Cuireann an plean treochlár soiléir ar fáil do IBTS a bhaineann le forbairtí amach anseo maidir lenár seirbhísí fola, comhábhar fola agus fíocháin. Eagraíocht an-difriúil a bheidh in IBTS faoi 2025, ach ag a croílár beidh ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, na rudaí a threoróidh sinn chun an ceann scríbe sin a bhaint amach.

Agus muid ag tabhairt ár dtosaíochtaí straitéiseacha chun beatha trí chinnteoireacht a mheas go cúramach agus trí gníomhartha dírithe a dhéanamh, beimid faoi threoir, mar is gnáth, ag an bprionsabal a bhaineann le seirbhísí sábháilte fola agus fíocháin a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta i gcónaí do bheith inár n-eagraíocht aclaí fhreagrúil a chloíonn leis na caighdeáin is airde ó thaobh na sábháilteachta agus na cáilíochta de.

Sna cúig bliana amach romhainn, forbróimid caidreamh níos doimhne lenár gcomhghleacaithe, lenár gcomhpháirtithe agus lenár gcomhoibrithe, neartóimid muinín ár bpáirtithe leasmhara go léir, agus déanfaimid ceangail fhóinteacha leo.



**Orla O'Brien**
**An Príomhfheidhmeannach**



# Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

Is gníomhaireacht stáit neamhthráchtála í Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS) a bhfuil an fhreagracht uirthi táirgí fola agus táirgí a bhaineann le fuil a bhailiú, a thástáil agus a phróiseáil d'ospidéil i bPoblacht na hÉireann. Chomh maith leis sin, táimid freagrach freisin as Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus as roinnt feidhmeanna criticiúla maidir le baincéireacht fíocháin.

Braithimid go hiomlán ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí chun deonacháin dhóthanacha a chur ar fáil leis an aidhm soláthar comhsheasmhach fola agus comhábhar fola a chinntiú d'othair. Is cuid ríthábhachtach í sin de chúram sláinte nua-aimseartha agus dá uireasa, ní fhéadfaí cuid mhór den chúram sláinte sin a chur ar fáil. Maoinítear ár seirbhís trí shonraisc a chur chuig ospidéil i gcomhair ár dtáirgí agus seirbhísí ar phraghas a chomhaontaítear leis an Roinn Sláinte.

## Straitéis a fhorbairt le linn paindéime

D'fhorbraíomar *Ceangail Fhóinteacha* in 2020, an bhliain chéanna a d'athraigh paindéim iompar gach duine agus a chuir isteach go mór mór ar ár saol. Chuir COVID-19 iallach orainn freagairt ar dhúshláin ar bhealaí nua agus ár seirbhís a chur in oiriúint dá mbarr. Beag beann ar an méid a bhí ag tarlú taobh amuigh, d'chinntíomar go raibh soláthar dóthanach fola ann agus go raibh ár seirbhísí go léir ag feidhmiú i gcónaí.

Chuir sé i gcuimhne dúinn gur seirbhís éigeandála ríthábhachtach in Éirinn sinn. Bhí orainn ár múnla bailithe fola a athrú agus córas bunaithe ar choinní a thabhairt isteach ina ionad thar oíche.

Bhí orainn a mheas conas a d’fhéadfaimis ár gclinicí a reáchtáil le linn tréimhsí éagsúla srianta agus scaradh sóisialta i bhfeidhm chun sábháilteacht ár ndeontóirí agus ár bhfoireann a chinntiú. Is eol dúinn, de réir mar a bhogaimid ar aghaidh i ndiaidh phaindéim COVID-19, go bhfuil rudaí áirithe ann nach mór dúinn a choinneáil agus rudaí eile nach mór dúinn a dhéanamh ar bhealach níos fearr, ina measc sin tá córas bunaithe ar choinní ar líne, rud atá ríthábhachtach dár ndeontóirí.

Is fíor i gcónaí go bhfuil víreas nua nó galar tógálach nua ar cheann de na bagairtí is mó ar sholáthar inbhuanaithe sábháilte fola a sholáthar i gcónaí agus leanaimid orainn de bheith ag díriú ar an mbaol sin a íoslaghdú.

In 2020 d’fhoghlaimíomar gur féidir le víreas, fiú amháin víreas nach scaiptear tríd an bhfuilaistriú é, a bheith ina bhagairt shuntasach agus cur isteach ar ár soláthar fola. D’fhoghlaimíomar go bhfuilimid solúbtha agus sofhreagrúil, agus bhíomar in ann muid féin a chur in oiriúint go tapa in amanna a raibh an-neamhchinnteacht agus an-chastacht ag gabháil leo. Is eol dúinn anois gur féidir linn athrú suntasach a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile chun an sprioc chéanna a bhaint amach. Is chuige sin a leagamar amach an ráiteas straitéise seo. Cé nach bhfuil a fhios againn riamh cad atá romhainn, is é ár n-uaillmhian chomhchoiteann é an oiread agus is féidir den straitéis seo a chur chun feidhme sna cúig bliana amach romhainn.

# Fíricí maidir le IBTS

**600**
ball foirne in
8 n-ionad

**128,000**
Bailímid thart ar **128,000**
deonachán fola gach bliain

Bíonn thart ar
**80,000**
deontóir againn in
aghaidh na bliana

Tá **2,000**
deontóir ar
ár bpainéal
deontóra pláitíní

Reáchtálaimid
thart ar
**1,200**
clinic soghluaiste
in aghaidh na
bliana

Déanaimid tástáil ar
níos mó ná
**140,000**
sampla in aghaidh
na bliana

Tá flít
**20**
feithicil
againn

**22,000**
Eisímid thart ar 22,000
dáileog pláitíní gach bliain

**164,000**
In aon bhliain ar leith freastalaíonn
breis agus 164,000 duine ar
ár gclinicí


Lenár gcóras ar coinne
amháin glacaimid le
3000 coinne in aghaidh
na seachtaine! Is ionann
sin agus 108,000 coinne
le linn tréimhse ocht mí.

# Struchtúr Rialachais

De bharr gur Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála muid, tá ár socruithe rialachais leagtha amach sa Chód Cleachtais athmheasta um Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit. Is ar an mBord a leagtar freagracht rialachas IBTS. Is é an tAire Sláinte a cheapann an Bord agus tá dháréag comhaltaí air. Ar mhaithe le cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chur i gcrích, tá roinnt Fochoistí ann a bhíonn ag plé le gnéithe ar leith de ghnó na heagraíochta:

- An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta
- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta
- An Coiste Forbartha agus Feidhmíochta
- An Coiste Taighde agus Forbartha

Tá idirdhealú soiléir idir na róil agus na freagrachtaí atá ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannas faoi seach.



# Ár bhFís, Ár Misean agus Ár Luachanna a Athnuachan

Bhí obair lárnach IBTS dírithe i gcónaí ar na tráchtearraí is luachmhaire atá ann, is iad sin an fhuil agus comhábhair fola. Déanaimid iad a bhailiú, a thástáil, a phacáistiú agus a dháileadh mar chuid de phróiseas ar próiseas ceann go ceann é ar a dtugtar 'féith go féith'. Clúdaíonn ár seirbhísí rudaí eile i réimsí an fhuilaistriúcháin agus an fhíocháin freisin. Bhí seo á léiriú i gcónaí ag ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, ach thángthas ar chomhaontú gur cheart dúinn athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar gach ceann de na réimsí sin. Níl aon athrú suntasach tagtha ar ár dtreo straitéiseach cé go bhfuil béim athnuaite leagtha ar oibriú go dlúth lenár ndeontóirí, lenár bpiaraí agus lenár gcomhghleacaithe i réimsí an chúraim sláinte agus an oideachais. Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann maidir leis na luachanna is mian leosan a bheith lárnach in IBTS agus rinneadh iad sin a athbhreithniú chun an t-aiseolas a fuarthas a léiriú.


## Ár bhFís

Ag obair le chéile chun seirbhísí fola agus fíocháin den chéad scoth a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

## Ár Misean

Táimid tiomanta do sheirbhísí sármhaith fola agus fíocháin a chur ar fáil a fheabhsaíonn saol na n-othar trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, trí shaineolas ár bhfoirne agus trí chomhar leis an bpobal cúraim sláinte.

## Ár Luachanna



IS BREÁ LINN ÁR NDEONTÓIRÍ



CUIRIMID FEABHAS AR SHAOL NA NOTHAR, I DTEANNTA A CHÉILE



TUGAIMID CEANNAIREACHT LE DEA-SHAMPLA



DÉANAIMID ÁR NDÍCHEALL CHUN SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH



IS SINNE IBTS

# Príomhéachtaí ón tréimhse 2017-2020

D'oibrigh IBTS go dian chun na gníomhaíochtaí straitéiseacha ón tréimhse ó 2017 go 2020 a chur chun feidhme. Díríodh treo straitéiseach na straitéise roimhe seo ar sholáthar sábháilte inbhuanaithe a chinntiú agus barr feabhais a chur ar fáil dár ndeontóirí agus laistigh dár n-iarrachtaí oibríochtúla chomh maith.

D'aithníomar an tábhacht a bhaineann le caidreamh a chothú le grúpaí náisiúnta agus le sochaithe; ceapadh príomhchomhairleoir cliniciúil dár gcuid i réimse na seirbhísí fuilaistriúcháin don Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriúchán.

D'éirigh go han-mhaith linn freisin i bhforbairt seirbhísí tástála móilíní agus thugamar isteach tástáil bhaictéarach lá 2 ar phláitíní, rud a fhágann go bhfuil pláitíní níos sábháilte anois agus seilfré uathoibríoch seacht lá acu. Tugtar cuntas sa mhéid seo a leanas ar chuid de na príomhéachtaí atá bainte amach againn le ceithre bliana anuas.

1. Cheapamar Príomhéascaitheoir Taighde agus Forbartha chun tionscadail taighde agus forbartha a bhainistiú agus straitéis T&F a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

2. Mar thoradh ar Athbhreithniú ar iarchuir vCJD tháinig athrú ar an mbeartas a chinntigh go raibh go leor deontóirí incháilithe chun fuil a dheonú arís agus mar sin tá an bealach réitithe chun iniúchadh a dhéanamh ar bhanc súl na hÉireann a thabhairt isteach arís agus ar phlasma Éireannach a úsáid i gcóras sláinte na hÉireann.

3. Cuirimid tástáil mhóilíneach do ghrúpaí fola ar fáil anois lena n-áirítear géinitíopáil féatais. Cuireann sé sin ar ár gcumas a fháil amach cén phróifíl antaiginí atá ag othair a bhfuil uath-antasubstaintí acu agus a ndearnadh roinnt babhtaí fuilaistriúcháin orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith an-tairbheach nuair atáthar i mbun fuil a chur ar fáil go sábháilte i gcásanna casta. Le géinitíopáil féatais féadtar stádas RhD an fhéatais a thuar, agus dá bhrí sin bítear in ann a fháil amach an bhfuil gá le próifiolacsas frith-D nó nach bhfuil.

4. D'éirigh linn teicneolaíocht Seicheamhaithe don Chéad Ghlúin Eile a thabhairt isteach inár Saotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL).

5. Rinneamar an tsaotharlann um Ghéineolaíocht Ghrúpaí Fola (BGGL) agus NHIRL a chónascadh sa Roinn Móilghrúpa Fola agus Géineolaíocht (MBG) chun bealach níos comhtháite agus níos comhoibríche a chruthú chun seirbhísí tástála móilíní a chur ar fáil.

6. Thugamar isteach tástáil BACT lá 2 chun a chinntiú go mbeidh pláitíní níos sábháilte ag a bhfuil seilfré uathoibríoch 7 lá.
7. Thugamar Suirbhéanna do Chustaiméirí Ospidéil isteach an athuair – (RCI agus Seirbhísí Ospidéil/Saotharlann Eisiúna Phláitíní an Ionaid Fola Náisiúnta).
8. Thugamar córas Histotrac isteach in MBG a éascaíonn bainistiú agus rialú samplaí a ndéantar a thástáil sa NHIRL.
9. Chuireamar tuairisciú leictreonach i bhfeidhm do tharchur torthaí in ospidéil roghnaithe in MBG, rud a laghdaíonn aga slánúcháin an tsampla agus atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol leis.
10. Rinneamar ár scagadh víreolaíochta ar dheontóirí fola do phataiginí fuil-iompartha a chomhdhlúthú ar ardán tástála amháin, le córas TF Saotharlainne comhtháite (Córas Anailíseora Bainistíochta), chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht agus ar an éifeachtúlacht costais laistigh den tSaotharlann víreolaíochta.
11. Thugamar ardáin tástála bhreise isteach a chuireann ar a cumas don tsaotharlann scagthástáil a dhéanamh ar roinnt pataiginí, amhail an Mhaláire.
12. Chuireamar soláthar seasta fola agus comhábhar fola ar fáil gan aon achainí náisiúnta orthu le dhá bhliain go leith anuas.
13. Chuireamar clár náisiúnta i bhfeidhm inár gclinicí, idir chlinicí seasta agus chlinicí soghluaiste, chun freastal ar dhaoine a bhfuil Haemacrómatóis ó Oidhreacht orthu a chomhlíonann ár gcritéir roghnúcháin do dheontóirí.
14. Sheolamar roinnt feachtais mhargaíochta ar éirigh go maith leo, ina measc ‘Everyone Counts’ agus ‘Bloody Foreigners’.
15. Thugamar isteach córas bunaithe ar choinní ar bhonn náisiúnta do na clinicí go léir.
16. Thugamar isteach leagan amach nua clinice mar aon le próiseas a bhfuil leapacha nua ag gabháil leis agus ardréiteach meádóra meascthóra chun dlús a chur faoin bpróiseas deonacháin.
17. Sheolamar suíomh gréasáin nua agus chuireamar feabhas ar ár gcumas meán sóisialta, rud a chuireann le soláimhsitheacht agus le hábharthacht an tsuímh don úsáideoir.
18. Rinneamar córas Forbartha Feidhmíochta a athcheapadh agus a athsheoladh dár bhfoireann.
19. D'fhorbraíomar agus sheolamar Creat Ceannaireachta fianaisebhunaithe (LEAD) i gcomhar le hOllscoil Luimnigh.
20. D'oibríomar go gníomhach le Great Place to Work.
21. Sheolamar an feachtas 'Making Safety Visible' mar chuid dár n-aidhm sláinte agus sábháilteacht chomhshaoil a leabú in IBTS.

# Ceangail Fhóinteacha a Fhorbairt: Conas a d'fhorbraíomar ár bplean straitéiseach

Tá a fhios againn nach mór dúinn tuiscint a fháil ar na nithe atá ag teastáil ónár bpáirtithe leasmhara chun ár spriocanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach, d’fhonn seirbhís a chur ar fáil a bhfuil breisluach ag baint léi. Cuireann siadsan go mór mór le haon rath a bhíonn orainn agus is mór againn a léargais agus a dtaithí. Agus an ráiteas straitéise seo á ullmhú againn, d'oibríomar i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara agus chuamar i gcomhairle go forleathan leo freisin. Rinneamar taighde neamhspleách a choimisiúnú chun dearcthaí agus tuairimí a fháil ó bhonn leathan páirtithe leasmhara.

Rinneadh é sin trí shraith fócasghrúpaí ar líne, trí agallaimh teileafóin agus trí shuirbhéanna leis an aidhm eolas a dhéanamh dár dtreo amach anseo. Rinneamar suirbhé freisin ar na hospidéil lena n-oibrímid agus ar ár bhfoireann chun a gcuid aiseolais a bhailiú. Tar éis éisteacht le tuairimí ár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, tuigimid an méid seo a leanas:

- Deonaíonn **ar ndeontóirí** fuil toisc gur mian leo cur go dearfach leis an tsochaí; is mian leo go gcinnteoimis go mbainfimis úsáid as a gcuid ama chomh maith agus is féidir trí bhíthin tuilleadh seirbhísí a chur ar fáil ar líne agus tríd an bpróiseas deonaithe a dhéanamh níos tapúla.
- Tá súil ag **ár gcliaint cúraim sláinte** go seachadfaidh ár seirbhís an rud atá uathu, nuair atá sé uathu agus is mór acu comhoibriú agus léargas freisin.
- Is mian **lenár ndaoine** a gcuid eolais agus saineolais a roinnt chun an dea-chleachtas i leigheas an fhuilaistriúcháin a chinntiú agus is mian leo go mbeadh teacht acu ar na huirlisí agus ar an teicneolaíocht is cuí chun tacú leo ina róil.
- Is mian leis **an rialtas agus le heagrais rialála agus fola eile** go gcothaímis ardchaighdeáin oibríochtaí agus go gcuirfimis ár gcleachtais oibre in oiriúint ionas gur féidir linn freagairt go sofhreagrúil nuair is gá gan cur isteach ar ár seirbhís agus ár gcaighdeáin.

# Príomhthreochtaí

## Comhthéacs dár bPlean Straitéiseach

Agus an straitéis seo á hullmhú againn, rinneamar anailís agus athbhreithniú ar an timpeallacht ina n-oibrímid agus go háirithe ar fhorbairtí leanúnacha i réimse an leighis fuilaistriúcháin, ar riachtanais ár gcliant cúraim sláinte atá ag teacht chun cinn agus ar an déimeagrafaic laistigh dár líon deontóirí atá ag síorathrú. Chuidigh sé sin linn ár bpríomhréimsí fócais a aithint le linn shaolré na straitéise seo.

Rinneamar anailís PESTLE níos leithne, reáchtálamar ceardlanna, rinneamar taighde neamhspleách i gcomhar lenár ndeontóirí agus rinneamar suirbhé ar ár bhfoireann chun léargas a fháil ar a gcuid riachtanas agus chun a fháil amach conas is féidir linn feabhsú agus ullmhú níos fearr le haghaidh forbairtí teicneolaíochta amach anseo.

Déanann ár n-eolaithe agus ár ngairmithe leighis timpeallacht dhomhanda na míochaine fuilaistriúcháin a chíoradh go leanúnach agus fanann siad cothrom le dáta agus ar an eolas faoi na treochtaí a bheidh ann amach anseo ina réimsí trína líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Rinneamar iniúchadh ar na dúshláin atá amach romhainn go háirithe maidir le cur chuige sofhreagrúil a ghlacadh chun cur ar ár gcumas glacadh le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Táimid ar an eolas faoin ngá atá le tuiscint níos doimhne a fháil ar ár ndéimeagrafaic lena chinntiú go bhfuil líon láidir éagsúil deontóirí againn a léiríonn an t-iliomad athrú atá tar éis teacht ar shochaí na hÉireann. Bhí orainn roinnt dár gcleachtais a athrú chun bheith in ann *"maireachtáil le COVID"*. Tá iompraíochtaí agus patrúin aonair ag athrú, agus léirítear dúinn lenár dtaighde gur gá a chinntiú go n-úsáidimid am ár ndeontóirí ar shlí atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus go mbainimid úsáid as an teicneolaíocht chun gur féidir leo a gcoinní linn a chur in áirithe.

Bhreithníomar freisin na deiseanna atá ar fáil dúinn e.g. a chur ar chumas ár bhfoireann athruithe a chur i bhfeidhm go tapa, caidreamh níos fearr a bhunú lenár gcomhpháirtithe, agus seirbhísí nua a fhorbairt a chuirfidh luach leis an tseirbhís sláinte agus a rachaidh chun tairbhe don tseirbhís sláinte ar bhonn náisiúnta.

## Ár n-iarrachtaí comhshaoil

Táimid tiomanta dár spriocanna laghdaithe fuinnimh a bhaint amach i gcomhréir leis an *Straitéis um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí*[1]. Tá roinnt tionscnamh sa straitéis seo beartaithe againn chun cabhrú linn na spriocanna sin a bhaint amach e.g. bogadh i dtreo cleachtais saotharlainne níos inbhuanaithe agus ár "Ambasadóirí Glasa" a spreagadh san eagraíocht.

1 https://www.gov.ie/en/publication/7c726-public-sector-energy-efficiency-strategy/

Beimid ag spreagadh ‘iompar glas’ freisin trí mheascán de rothaíocht agus iompar poiblí (i gcás inarb iomchuí) a chur chun cinn i measc ár bhfoirne. Spreagfaimid úsáid feithiclí leictreacha dár bhfhoireann agus dár bhflít féin busanna agus trucailí (cibé uair is féidir) trí spásanna luchtaithe leictreacha a phíolótú ar roinnt dár suíomhanna.

### Ár bhFócas Straitéiseach

- Saotharlanna glasa
- Athchúrsáil – tuilleadh táirgí in-athnuaite inár gclinicí
- Cianobair
- Foinsí fuinnimh in-athnuaite
- Cleachtais oibre níos inbhuanaithe

## Boinn tuisceana agus an straitéis seo á forbairt

D'ullmhaíomar ár straitéis trí dhul i gcomhairle le réimse leathan dár bpáirtithe leasmhara. Tá an straitéis seo forbartha againn bunaithe ar an treo is fearr don IBTS a leanúint, de réir mar a chreidimidne é, go háirithe i bhfianaise shainiúlacht na hoibre a dhéanaimid agus i bhfianaise an tsaineolais atá ar ár bhfoireann ardoilte.

Chun an straitéis a chomhlíonadh, tá glactha againn le roinn boinn tuisceana atá bunaithe ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha, ar an mbuiséad náisiúnta, ar ár n-acmhainní inmheánacha féin agus ar ár gcumas féin. Creidimid gur féidir linn a chinntiú go gcomhlíonfar an straitéis seo ar bhealach den scoth trí ardleibhéal rannpháirtíochta agus trí dhul chun cinn seasta a dhéanamh le béim ar thionscnaimh a mbaineann riosca íseal leo.

## Rioscaí

Agus an straitéis *Ceangail Fhóinteacha* á forbairt againn, d’oibríomar freisin lenár mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta chun an leibhéal riosca atá i gceist le gach colún agus gach cumasóir a mheas. Cuirtear treoir ar fáil sa ráiteas maidir le riosca a d'eascair as sin i dtaobh thoilteanas IBTS leibhéal riosca a ghlacadh, nó a bheith neamhchosanta ar leibhéal riosca, d’fhonn a chuid cuspóirí a bhaint amach. Is éard atá i gceist leis eolas a dhéanamh do phróisis pleanála gnó. Agus tionscadal féideartha á mheas, déantar an leibhéal riosca a mheas go mion chun a chinntiú nach mbeidh aon riosca míchuí do IBTS ná dá bpáirtithe leasmhara ag baint leis. Táimid tiomanta do chinntiú nach nglactar aon rioscaí nach bhfuil gá leo nó nach bhfuil inghlactha a d’fhéadfadh an eagraíocht nó aon cheann dá páirtithe leasmhara a fhágáil neamhchosanta ar bhaol féideartha nó a d’fhéadfadh comhlíonadh foriomlán a Plean Straitéisigh a chur i mbaol.

# Ár bpríomhréimsí fócais sna cúig bliana amach romhainn


Tar éis anailís fhorleathan agus comhairliúchán fairsing a dhéanamh, beidh IBTS ag díriú a iarrachtaí ar thrí phríomhcholún;

**I.** Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr

**II.** Barr Feabhais Oibríochtúil a Bhaint Amach

**III.** Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú

Tá tábhacht mhór straitéiseach ag baint le gach ceann de na réimsí sin, agus baineann sraith clár agus tionscadal leo.



# COLÚN 1

## Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr

Cuirfimid béim ar leith ar ár gcuid saineolais, ár líonraí idirnáisiúnta agus ár n-infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt a ghiaráil chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht an chúraim sláinte i réimse an leighis fuilaistriúcháin. Déanfaimid iarracht é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

- Táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt atá ceaptha chun freastal ar riachtanais cúraim sláinte atá ag teacht chun cinn
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil chun an dea-chleachtais i réimse an leighis fuilaistriúcháin a chur chun cinn
- Taighde feidhmeach a dhéanamh chun nuálaíocht inár dtáirgí agus inár seirbhísí a threorú.

# COLÚN 2

## Barr Feabhais Oibríochtúil a Bhaint Amach

Déanfaimid ár ndícheall feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht oibríochtúil trí fheidhm a bhaint as na dea-chleachtas in eagrais fola ar fud an domhain a bheith mar shlat tomhais againn agus trí ghlacadh le prionsabail dea-chleachtais ar fud ár n-eagraíochta nuair is féidir. Agus sin á dhéanamh againn, cuirfimid feabhas córasach ar ár n-éifeachtúlacht agus ar ár n-éifeachtacht fhoriomlán.

**Déanfaimid tréaniarracht;**

- Ár n-éifeachtúlacht sa slabhra soláthair ón deontóir go dtí an t-othar a fheabhsú
- Dea-chleachtais i dtaobh próisis ghnó a ghlacadh fud fad ár n-eagraíochta
- Barr feabhais a chur ar ár líon deontóirí chun a chinntiú go bhfuil sé sách láidir agus éagsúil chun freastal ar riachtanais ár n-othar agus ár gcliant atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs déimeagrafaic atá ag síorathrú.

# COLÚN 3

## Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú


Cuirimid an-bhéim ar thaithí seirbhíse IBTS agus díreoimid ar fheabhas a chur ar gach gné dár seirbhís agus dár gcúram amach anseo chun leas:

- Ár ndeontóirí
- Ár gcliaint cúraim sláinte, agus
- Ár bhfoirne, lena chinntiú go bhfanann siad slán, go mbraitheann siad go léirítear meas orthu agus gur mór ag an eagraíocht iad.



# COLÚN 1

## Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr




## Ár Mian

Beimid ar thús cadhnaíochta i réimsí an leighis agus na heolaíochta fuilaistriúcháin. Déanfaimid taighde bunaithe ar rioscaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn chun barr feabhais a chur ar chúram othar. Oibreoimid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe cúraim sláinte chun bheith inár nguth threorach maidir leis an leigheas agus an eolaíocht fuilaistriúcháin.

# AG TACÚ LE CÚRAM SLÁINTE NÍOS FEARR

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

1. **Táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt:**

   A bheith chun tosaigh i réimsí an leighis agus na heolaíochta fuilaistriúcháin, agus táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil a chuireann go mór mór le sábháilteacht mhuintir na hÉireann agus seirbhís atá neamhspleách agus cost-éifeachtach a chur ar fáil.

   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn cultúr nuálaíochta a fhorbairt agus a chothú agus seirbhís náisiúnta lena mbaineann breisluach agus neamhspleáchas a chur ar fáil.

2. **Comhairle agus treoir a chur ar fáil:**

   IBTS a chur os comhair ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte, mar ghuth threorach a imríonn tionchar i réimsí an leighis agus na heolaíochta fuilaistriúcháin

   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn a bheith inár gceannaire iontaofa ar thús cadhnaíochta i réimse an leighis fuilaistriúcháin, mar aon lenár n-eolas agus lenár saineolas a roinnt chun dul chun tairbhe ár ndeontóirí agus ár n-othar agus barr feabhais a chur ar úsáid na fola ar deireadh thiar. Leis an bhflúirse taithí atá ag IBTS i dtaobh an leighis agus na heolaíochta fuilaistriúcháin, is féidir leis rannchuidiú le forbairt agus le cur i bhfeidhm treoirlínte chun a chinntiú go ndéantar comhábhair fola a aistriú go cuí agus go sábháilte in Éirinn.

3. **Taighde Feidhmeach agus Léargais:**

   Taighde a dhéanamh a dhéanfaidh eolas dár n-iarrachtaí agus a threoróidh sinn agus muid i mbun treochtaí romhainn i réimse an leighis fuilaistriúcháin a mheas.

   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn an fhianaise taighde le haghaidh ár seirbhísí fola agus fíocháin a fheabhsú agus a fhorbairt a chur ar fáil agus a chur i láthair, agus ar an gcaoi sin déanfar an tionchar a bhíonn ag torthaí taighde a uasmhéadú agus spreagfar tuilleadh nuálaíochta.


## Príomhthionscnaimh

- Tíopáil antaigine fola móilíneach-bhunaithe deontóirí agus faighteoirí.
- Banc Súl na hÉireann agus teiripí fíocháin/cheallacha eile a athbhunú.
- Úsáid Plasma Reoite Úr a thabhairt isteach, ag brath ar thorthaí staidéar féidearthachta.
- An úsáid is fearr a bhaint as plasma trí bharrachas a chur chuig plandaí codánúcháin le haghaidh táirgí amhail glóbailiní imdhíonachta.
- Measúnú féidearthachta ar Laghdú Pataigine a thabhairt isteach – próiseas ionramhála táirgí fola iarbhailithe.
- Straitéis taighde agus forbartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

# Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025


- Beidh an bhaincéireacht fíocháin leathnaithe:
  - Beidh Banc Súl na hÉireann lánfheidhmiúil
  - Beidh straitéis ann chun a éascú don IBTS cógais athghinte/cheallacha atá comhlíontach i dtaobh GMP a thabhairt isteach.
- Cuirfimid tíopáil fola ghéanómaíoch deontóra le haghaidh cealla dearga, pláitíní agus cealla bána ar fáil.
- Soláthróimid tíopáil ghéanómaíoch le haghaidh fuil athraitheach nuair a bhíonn athraithigh nó géinitíopaí neamhchoitianta nó athraithigh i láthair.
- Beimid tar éis a bheith i gceannas ar roinnt foilseacháin acadúla piarmheasúnaithe agus beimid tar éis rannchuidiú le cinn eile.
- Beidh caidreamh den scoth forbartha againn leis an bpobal leighis/cliniciúil trí chlár gníomhach teagmhála faoi stiúir ag sainchomhairleoir leighis ainmnithe.





COLÚN 2

# Barr Feabhais Oibríochtúil a Bhaint Amach




# Ár Mian

A bheith inár n-eagraíocht slabhra soláthair éifeachtach gnó iomlán le haghaidh comhábhair fola agus fíocháin, ina gcomhtháthaítear scoth na ndea-chleachtas idirnáisiúnta. Tógáil ar an mbonn deontóirí atá againn le cinntiú go bhfuil sé éagsúil agus láidir agus gur léiriú atá ann ar shochaí agus ar dhéimeagrafach na hÉireann atá ag athrú go síoraí.

# BARR FEABHAIS OIBRÍOCHTÚIL A BHAINT AMACH

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

4. **Éifeachtúlacht ár slabhra soláthair a fheabhsú:**

   An táirge ceart a sheachadadh, go dtí an áit cheart agus in am, ar shlí chomh cost-éifeachtúil agus is féidir gach uair.

   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn a bheith inár seirbhís náisiúnta atá aitheanta as na táirgí ardchaighdeáin a chuireann sí ar fáil dá cliaint cúraim sláinte, agus úsáid á baint as an teicneolaíocht agus as saineolas chun ionchais custaiméirí a shásamh.

5. **Glacadh le próisis dea-chleachtais ghnó:**

   Barr feabhais oibríochtúil a chur ar fáil trí chreat inbhuanaithe, éifeachtúil agus sofhreagrúil a úsáid.

   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn a chinntiú go bhfuil córas oibriúcháin a sheasfaidh an aimsir i bhfeidhm againn atá freagrúil agus atá réitithe lena chur in oiriúint go tapa ag brath ar éilimh ghnó.

6. **Barr feabhais a bhaint dár líon deontóirí**

   Is mian linn raon na bhfeinitíopaí fola inár líon deontóirí a mhéadú mar aon le líon na ndeontóirí a mhéadú.


   **Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
   Is mian linn painéal dianseasmhach a choinneáil ar bun a chinntíonn soláthar sábháilte inbhuanaithe ár dtáirgí go léir chun freastal ar éilimh an chustaiméara / an othair.

## Príomhthionscnaimh


- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcórais chun an fhaisnéis/an mhéadracht chuí a chur ar fáil dár gcustaiméirí a chuideoidh leo ina ngnó laethúil.
- Uirlisí réamhaisnéise níos cruinne a fhorbairt/a thabhairt isteach e.g. bainistíocht comhábhar fola a chinntíonn infhaighteacht stoic do gach rud a d'fheadfadh tarlú.
- Ár PTFanna a chaighdeánú agus a roinnt le páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn feabhas leanúnach a chur ar sheirbhís do chustaiméirí.
- Tuairisciú leictreonach ar thorthaí othar na Saotharlainne Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Cealla Dearga (RCI) agus na Roinne Bitheolaíochta Móilíní & Géineolaíochta a fhorbairt do na saotharlanna ospidéil agus tuairisciú leictreonach a dhéanamh ar thorthaí deimhnitheacha tástála deontóirí ón tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris chuig IBTS in ionad na bpróiseas láimhe atá ann faoi láthair.
- Ár lorg comhshaoil a laghdú trí oibríochtaí reatha a thagarmharcáil, lena n-áirítear oibriú i dtreo deimhniúcháin i ndáil le dea-chleachtais inbhuanaitheachta saotharlainne.
- Ár bhfoireann a spreagadh chun clárú mar 'Ambasadóirí Glasa' a bheidh sé mar sprioc acu tionscnaimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus a mhaoirsiú.

# Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

- Beidh méadú ar ár n-éifeachtúlacht agus ár gcumas freastal ar ár riachtanais chustaiméara go léir.
- Beidh éifeachtúlachtaí léirithe trí dheaiseanna PTF agus tuairisciú a úsáid.
- Beidh bonn deontóirí ann le haghaidh pláitíní agus fuil iomlán a chomhlíonann riachtanais uile ár gcustaiméirí.








COLÚN 3

# Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú




# Ár Mian

Is mian linn cultúr sofhreagrúil agus nuálach a chruthú ina dtugtar tús áite dár ndeontóirí, dár gcomhghleacaithe ospidéil agus dár bhfoireann agus lena bhfeabhsaítear a dtaithí.

Is mian linn go mbeadh gach duine bródúil as IBTS mar sholáthróir náisiúnta cúraim sláinte.

# TAITHÍ AN CHUSTAIMÉARA A FHEABHSÚ

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

### 7. Eispéireas sármhaith deontóra a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais ár ndeontóirí.

Feabhas a chur ar thaithí fhoriomlán na ndeontóirí ón gcéad uair a théann siad i dteagmháil le IBTS go dtí an iarchúram a fhaigheann siad tar éis an phróisis deonaithe.

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is breá linn ár ndeontóirí agus is mór againn a gcuid ama. Is mian linn seirbhís fheabhsaithe a chur ar fáil a fhágann go mbeidh sé níos éasca do dheontóirí deonachán a shocrú, agus an mhuinín acu go mbeidh an próiseas deonaithe tapa, sábháilte agus dearfach dóibh.



### 8. Feabhas a chur ar an tseirbhís chustaiméara a chuirimid ar fáil dár gcliaint ospidéil

A chinntiú go bhfuil taithí ag ár gcliaint ospidéil ar sheirbhís shármhaith fud fad a dteagmháil le IBTS.

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn go mbeadh léargas iomlán ar riachtanais ospidéil againn ionas gur féidir linn seirbhís a chur ar fáil a sheachadaíonn in am agus ar mór ag ár gcliaint cúraim sláinte í.

### 9. Eispéiris ár bhfoirne a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil a bhfuil uathu chun a bpost a dhéanamh acu

Is iad ár mbaill foirne ár gcustaiméirí inmheánacha, agus is mian linn a chinntiú go bhfuil a bhfuil uathu acu chun bheith nuálach agus feabhas a chur ar ár modhanna oibre.

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn tógáil ar chultúr a thugann tús áite don duine, trí éisteacht lena gcuid riachtanas maidir le feabhsuithe gnó, agus a bhfuil bealaí soiléire ag gabháil leis a spreagann nuálaíocht, síorathrú agus rannpháirtíocht.

## Príomh-thionscnaimh:

- Córas bainistíochta caidrimh le deontóirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí mhapáil agus athdhearadh a dhéanamh ar ár gcleachtais maidir le daoine/maidir lenár bpróisis inmheánacha.
- Seirbhís choinní idirghníomhach ar líne a chur ar fáil a bhfuil rochtain le fáil uirthi ar fhón póca, ar tháibléad agus ar ríomhaire.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcóras ordaithe ar líne (agus aiseolas ó chomhghleacaithe ospidéil á chur san áireamh).
- Clár foghlama um eolas a mhalartú a fhorbairt chun smaointe a roinnt agus chun caidrimh a fhorbairt.
- Straitéis sábháilteachta, sláinte agus folláine a fhorbairt agus a chur chun feidhme le straitéis uileghabhálach maidir le daoine agus cultúr.

## Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

- Beidh córas uathoibrithe ann trínar féidir le deontóirí a gcoinní féin a dhéanamh linn agus an oiread agus is féidir den phróiseas a chur i gcrích ar líne sula dtagann siad chugainn.
- Beidh córas orduithe ar líne níos fearr ann dár gcliaint ospidéil a théann chun tairbhe an úsáideora deiridh.
- Beidh ionad oibre sláintiúil ionchuimsitheach ann ina bhfuil ár bhfoireann bródúil as a ndéanann siad ann agus ina n-aithnítear iad as an nuáil a dhéanann siad agus as an méid a chuireann siad leis an bhfís agus leis an misean atá againn.








# Ár gCumasóirí Straitéiseacha

# Ár gCumasóirí Straitéiseacha

**Tá ceithre phríomhréimse ann a thacaíonn le seachadadh na seirbhísí a sholáthraíonn IBTS. Tacóidh gach ceann de na réimsí sin le tabhairt i gcrích na gcolún atá leagtha amach in Ceangail Fhóinteacha agus tá gach ceann acu ríthábhachtach chun a chinntiú go n-éireoidh leis an straitéis.**



# 1. Teicneolaíocht

## Ár Mian

Is mian linn a bheith inár n-eagraíocht atá comhtháite agus cumasaithe go digiteach agus a bhfuil sé de chumas aici rochtain a fháil ar ár bpríomhfheidhmchláir agus breathnú orthu ó áit ar bith, agus úsáid á baint as dul chun cinn sa teicneolaíocht faisnéise chun ár n-éifeachtúlacht agus ár bhfeidhmíocht fhoriomlán ghnó a fheabhsú. Bainfimid úsáid as sonraí chun eolas a dhéanamh dár gcórais soláthair agus chun iad a neartú, chun ár gcumas gnó a fhorbairt agus chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn.

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

### 10. Rochtain ar fhaisnéis ar líne agus so-rochtaineacht ar fheidhmchláir ar líne a chumasú.

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn go mbeadh rochtain ag ár bhfoireann, ag ár ndeontóirí agus ag ár gcliaint cúraim sláinte ar fhaisnéis agus ar fheidhmchláir ó áit ar bith nuair a bhíonn siad de dhíth orthu.

### 11. Féachaint chuige go seasfaidh bonneagar TFC an aimsir chun réitigh theicneolaíocha nua a chumasú

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn a chinntiú gur féidir linn gníomhú go tapa mar fhreagairt ar aon fhorbairtí teicneolaíochta agus chun freastal ar riachtanais ár bhfoirne.

### 12. Rochtain a sholáthar ar shonraí chun cinnteoireacht níos fearr a chumasú

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn ár dtacair sonraí a úsáid chun ár gcinntí gnó a threorú agus chun tacú lenár bhforbairt taighde trí eolas a sholáthar ar bhealach atá chomh héifeachtúil agus is féidir do gach duine a bhfuil gá aige leis.

## Príomhthionscnaimh

- Treochlár TFC a thacaíonn le seachadadh na straitéise eagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Punann feidhmchlár fiontair a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais ghnó, agus réitigh agus seirbhísí riachtanacha teicneolaíochta faisnéise á gcur ar fáil ar fud phobal IBTS chun dea-chleachtais i dtaobh idirghníomhú le húsáideoirí a bhaint amach.
- Próisis a aithint agus a chur i bhfeidhm a laghdaíonn an spleáchas ar chórais pháipéarbhunaithe.
- Cur chuige láidir bainistíochta tionscadal a fhorbairt agus a ghlacadh chun ár dtionscadail a bhainistiú agus chun uasghrádú criticiúil ar chórais a éascú.
- Uirlisí anailísíochta sonraí agus gnó a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí a chumasú.

- Sármhaitheas a chur chun cinn agus a fhorbairt inár mBainistíocht Caidrimh TF ar fud na hEagraíochta, ag cur ar chumas na feidhme TF ár n-úsáideoirí a chumhachtú agus a spreagadh tuilleadh.

## Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

- Beidh ár bhfoireann in ann rochtain a fháil ar fheidhmchláir agus ar fhaisnéis cibé áit a bhfuil siad.
- Seasfaidh an bonneagar TFC an aimsir agus beidh sé láidir go leor chun freastal ar réitigh theicneolaíocha nua de réir mar a éilíonn ár ranna seirbhíse iad.
- Beidh cinnteoireacht níos soiléire bunaithe ar shonraí ar fud na heagraíochta.
- Beidh feabhas curtha ar leibhéil sástachta na n-úsáideoirí deiridh leis an tseirbhís a sholáthraítear don phobal úsáideoirí agus do IBTS araon.

# 2. Comhpháirtíochtaí

## Ár Mian

Is mian linn a bheith inár gcomhpháirtí iontaofa a bhfuil ardmheas air laistigh den earnáil cúraim sláinte in Éirinn ag a bhfuil caidreamh comhthairbheach le lucht déanta beartas, le soláthróirí cúraim sláinte agus le hionaid oideachais agus taighde chun na dea-chleachtais is fearr i réimse an leighis fuilaistriúcháin a chur chun cinn i gcomhthráth le rannchuidiú le cur chun cinn an chúraim sláinte in Éirinn go ginearálta.

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

**13. Tuiscint níos fearr ar ár dtáirgí agus ár seirbhísí a chur chun cinn agus a chruthú**

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?** Is mian linn a chinntiú go bhfuil tuiscint agus eolas ar na táirgí agus ar na seirbhísí go léir a chuirimid ar fáil ag na daoine a bhfhéadfadh na táirgí agus na seirbhísí sin a bheith de dhíth orthu agus ar mhaith leo feidhm a bhaint astu.

**14. Taighde, teicneolaíochtaí nua agus sainfhoghlaim le hinstitiúidí ardoideachais (HEInna) agus eile a chur chun cinn**

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?** Is mian linn oibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud earnálacha an oideachais agus an chúraim sláinte chun taighde agus deiseanna foghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn a chuirfidh go mór mór le réimsí an leighis agus na heolaíochta fuilaistriúcháin agus a spreagfaidh daoine chun machnamh a dhéanamh ar ghairm bheatha sa i réimse an fhuilaistriúcháin.

**15. Breisluach a chur leis an earnáil géarchúraim sláinte agus caidrimh láidre a fhorbairt san earnáil sin chomh maith mar aon le dea-chaidrimh a chothú le soláthraithe cúraim máithreachais.**

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn réitigh a chur ar fáil ar shaincheisteanna a bhaineann le fuil agus le fíochán a thagann chun solais san earnáil géarchúraim sláinte agus san earnáil mháithreachais. Creidimid gurb é an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh ná caidreamh a chothú san earnáil agus a bheith ag obair le chéile leis an aidhm réimsí a aithint chun tacú agus chun cabhrú lena chéile.

## Príomhthionscnaimh

- Comhoibriú lenár n-ospidéil mháithreachais náisiúnta chun ár seirbhís géinitíopála féatais a chur i bhfeidhm.
- Comhpháirtíocht thríthaobhach a chothú le hospidéil do dhaoine fásta agus le grúpaí abhcóideachta maidir le saincheisteanna a bhaineann go sonrach le galair.
- Raon ardáin a fhorbairt a bheidh dírithe ar thaighde agus ar fhorbairt chliniciúil agus eolaíoch a roinnt, ag obair lenár bpiaraí in eagraíochtaí fola eile chun raon leathan ábhair ábhartha a chur i láthair dár gcomhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta in earnáil an chúraim sláinte.
- Clár oideachais agus oiliúna a fhorbairt a chuirfidh tuilleadh feabhais ar na naisc atá againn le hinstitiúidí ardoideachais. Cleamhnacht dhíreach a chothú le hInstitiúid nó Institiúidí Tríú Leibhéal.
- An caidreamh atá againn lenár gcomhghleacaithe i réimse an leighis haemaiteolaíochta sna hospidéil a neartú, agus trínár rannpháirtíocht ghníomhach le Cumann Haemaiteolaíochta na hÉireann, le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI) agus le Dámh na Paiteolaíochta san RCPI.
- Cur le straitéisí agus le beartais a fhorbairt laistigh den ollchóras cúraim sláinte.
- Luach breise a chur leis an earnáil géarchúraim sláinte, leis an gcúram máithreachais agus le cúram leanaí agus daoine fásta in Éirinn a bhfuil Galar Corráncheallach orthu, agus tá caidreamh láidir iontaofa ag IBTS le gach ceann dár n-ospidéil ghéarmhíochaine agus dár n-ospidéil mháithreachais.

## Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

Beidh ár gcomhpháirtithe in earnáil an chúraim sláinte ar an eolas faoi na táirgí agus na seirbhísí éagsúla a chuireann an IBTS ar fáil, agus tuigfidh siad iad, agus is fearr úsáide a bhaineann siad astu chun freastal ar riachtanais na n-othar.

Beidh cáil agus meas ar IBTS mar eagraíocht a chuireann taighde, teicneolaíochtaí nua agus sainfhoghlaim chun cinn trí chomhpháirtíocht chomhroinnte le hinstitiúidí ardoideachais, le heagraíochtaí fola eile agus le piaraí in earnáil an chúraim sláinte ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

# 3. Cáilíocht

## Ár Mian

Is mian linn a bheith ar thús cadhnaíochta san earnáil maidir le cultúr cáilíochta a chur chun feidhme agus tacú leis, ar cultúr é a thacaíonn leis an eagraíocht agus an cuspóir atá aici luach a chur ar fáil dár ndeontóirí agus dár n-othair a bhaint amach go leanúnach.

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

### 16. Tacú lenár saotharlanna leighis agus lenár ranna eile chun cloí le caighdeáin idirnáisiúnta

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn córas cáilíochta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a fhorbairt. Má dhéanaimid ár bpróisis a ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta, beidh sé ina chuidiú linn é sin a bhaint amach.

### 17. Éifeachtúlacht a fheabhsú ar fud réimse gníomhaíochtaí cáilíochta

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn córas cáilíochta IBTS a nuachóiriú ionas go n-oibreoidh sé dár ndaoine, lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar ár bpróisis.

### 18. Cur chuige solúbtha rioscabhunaithe a thabhairt isteach

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn cultúr feabhsúcháin leanúnaigh agus cáilíochta iomláine laistigh de IBTS a bhrú chun cinn. Is éard atá i gceist leis sin ná bogadh i dtreo cur chuige rialachais agus comhairleach agus córas rioscabhunaithe a ghlacadh chun córas cáilíochta níos ilfheidhmí a chur ar fáil don fhoireann.

## Príomhthionscnaimh

- Dul i dteagmháil leis na saotharlanna agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun a gcuspóirí maidir le creidiúnú ISO 15189 a ghnóthú a bhaint amach.
- Clár oideachais cáilíochta a fhorbairt chun rannpháirtíocht agus úinéireacht a mhéadú.
- Córas leictreonach bainistíochta cáilíochta a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta iomláine.
- Creataí riosca atá ann cheana a fheabhsú trí athbhreithniú agus trí athchóiriú d'fhonn tacú leis an tsofhreagrúlacht agus le feabhsú leanúnach gnó agus iad sin a chur chun cinn.
- Tacú le tionscnaimh um fheabhsú leanúnach agus um athrú chun feidhmíocht fheabhsaithe eagraíochta a bhrú chun cinn.

## Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

- Aithneofar ár saotharlanna leighis mar shaotharlanna a chomhlíonann na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le cáilíocht agus inniúlacht ina n-iomlána.
- Déanfaidh ár bhfoireann na buntáistí agus na hiarmhairtí a bhaineann le cur chuige cáilíochta a mheas i ngach a dhéanann siad.
- Déanfar ár gcórais agus ár bpróisis a chuíchóiriú leis an aidhm éifeachtúlachtaí a fheabhsú ar fud réimse leathan gníomhaíochtaí, rud a fhágann go mbeidh an t-aschur páipéir laghdaithe go suntasach.
- Is féidir lenár ndaoine a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtúil trí chur chuige solúbtha rioscabhunaithe a úsáid.

# 4. Pobal agus Cultúr

## Ár Mian

Is mian linn a bheith inár dtimpeallacht oscailte, shofhreagrúil, chruthaitheach agus nuálach ina bhfuil an méid atá ónár bhfoireann acu chun bheith ag smaoineamh agus ag cruthú agus chun go mbeidh rath ar a n-iarrachtaí.

## Ár Spriocanna Straitéiseacha

### 19. Nuálaíocht agus sofhreagrúlacht a spreagadh ar fud na heagraíochta

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn spás a chruthú don nuálaíocht agus bealaí sofhreagrúla oibre a chruthú in IBTS, áit a mbíonn deis ag ár bhfoireann smaoineamh go cruthaitheach ar a gcuid oibre agus ar a dtimpeallacht oibre ionas go mbeidh rath ar an nuálaíocht.

### 20. Caidreamh a chothú le tacaíocht nuálaíochta na seirbhíse poiblí

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn caidreamh a chothú lenár gcomhghleacaithe sa tseirbhís phoiblí ionas gur féidir linn faisnéis a roinnt agus an úsáid is fearr a bhaint as na tacaíochtaí agus na huirlisí nuálaíochta atá ar fáil.

## 21. Comhar tras-rannach a spreagadh agus a éascú chun tionscadail, cláir agus seirbhísí tacaíochta a sheachadadh

**Cén fáth ar mian linn sin a dhéanamh?**
Is mian linn a chinntiú go ndéanfaí tionscadail agus cláir a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhealach a mbaineann an úsáid is fearr as eolas agus as taithí ár bhfoirne.


## Príomhthionscnaimh:

- Ár gCairt Cheannaireachta a fhorbairt.
- Ceannairí reatha agus ceannairí a bheidh ann amach anseo a cheapadh agus infheistíocht a dhéanamh iontu – LEAD, Creat Ceannaireachta IBTS, a chur chun feidhme ina iomláine.
- Struchtúr na heagraíochta a athbhreithniú.
- Baill foirne "a mhealladh, a choimeád, a aithint agus a chúiteamh" trí chreat bainistíocht tallainne atá bunaithe ar fhianaise a chur chun feidhme.
- Straitéis Faisnéise agus Chumarsáide a fhorbairt.
- Meitheal nuálaíochta a bhunú.
- Spás a chruthú chun faisnéis a roinnt, chun comhoibriú a spreagadh agus chun cumarsáid a éascú.
- Straitéis Pobail agus Cultúir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## Na príomhdhifríochtaí a bheidh ann faoi 2025

- Beidh ár bhfoireann in ann a bheith nuálach agus is féidir léi iarracht ghníomhach a dhéanamh chun bealaí feabhsaithe le rudaí a dhéanamh a fháil.
- Beimid i dteagmháil go rialta le tacaíochtaí nuálaíochta seirbhíse poiblí.
- Beimid inár n-eagraíocht níos comhoibríche, níos inrochtana, níos éagsúla agus níos ionchuimsithí a dhéanann cumarsáid go furasta ar fud feidhmeanna, ranna agus réigiúin éagsúla.
- Braithfidh ceannairí reatha agus ceannairí atá ag teacht chun cinn muiníneach agus go bhfuil tacaíocht faighte acu agus go bhfuil sé ar a gcumas ceannaireacht a thabhairt.






# An Straitéis a Sheachadadh

**Soláthraíonn *Ceangail Fhóinteacha* creat do IBTS chun cláir athraithe a chur ar fáil i roinnt réimsí. Forbróidh IBTS pleananna gnó bliantúla ina leagfar amach conas príomhghnéithe na straitéise a chur i bhfeidhm. Déanfar monatóireacht ar chur chun feidhme na straitéise trí úsáid a bhaint as athbhreithnithe ráithiúla chun an dul chun cinn a rianú.**

# An Oifig um Bainistiú Tionscadal

Déanfar cláir agus tionscadail straitéiseacha a fhorbairt, a thionscnamh agus a rianú trí úsáid a bhaint as ár modheolaíocht tionscadail. Déanfaidh Bord an Chláir gach clár agus tionscadal straitéiseach a cheadú agus a rialú. Leanfaidh gach tionscadal/tionscnamh na prionsabail chéanna lena chinntiú go gcuirfimid modheolaíocht láidir i bhfeidhm inár gcur chun feidhme.

# Pleananna maidir le Cur in Úsáid Straitéiseach

Tugtar cuntas sa straitéis ar phríomhréimsí fócais agus aithníonn IBTS go bhfuil straitéisí tacaíochta ann do gach ceann dár ranna gnó d'fhonn seasamh leis na réimsí sin. Seolfar na trí straitéis seo a leanas in 2021 agus beidh siad ar aon dul lenár straitéis eagraíochta. Leagfar amach in gach ceann díobh sin plean cur chun feidhme a chuideoidh linn ár spriocanna agus ár dtionscnaimh eagraíochta a bhaint amach.

## Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cuirtear an teicneolaíocht i láthair mar chumasóir in *Ceangail Fhóinteacha*. Tá bonn eolais curtha ar fáil ag ár gcomhairliúcháin straitéise do na mianta atá leagtha amach sa doiciméad seo agus is léir gur dlúthchuid d'fhorbairt ár n-eagraíochta í TFC. Tá IBTS tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i TFC; beidh orainn cumas an TFC chun freastal ar éilimh an ghnó a chinneadh. Cuirfidh forbairt na straitéise TFC treochlár ar fáil dúinn chun cabhrú linn na príomh-chomhpháirteanna mar atá leagtha amach sa straitéis seo a sheachadadh.

## Straitéis Taighde agus Forbartha

Tacaíonn cur chun feidhme na straitéise Taighde agus Forbartha leis na colúin straitéiseacha a bhaineann le bheith *Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr agus Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú.*
Beidh clár cuimsitheach Taighde agus Forbartha mar bhonn agus mar thaca ag na príomhréimsí taighde fheidhmigh agus léargais; abhcóideacht, comhairle agus treoir; agus táirgí agus seirbhísí nua.

Trí Thaighde agus Forbairt a chur i gcrích, tá súil againn tuiscint níos fearr a fháil ar iompraíochtaí agus ar spreagadh an duine. Léirítear leis an straitéis fócasaithe seo tiomantas leanúnach IBTS do thacú le taighde, agus leagtar amach inti na céimeanna riachtanacha chun clár taighde struchtúrtha forásach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht.

## Straitéis Phobail agus Chultúir

Le linn ár seisiúin le páirtithe leasmhara, d'aithníomar go bhfuil ról suntasach ag ár bpobal agus ár gcultúr i mbaint amach rathúil ár mianta straitéiseacha. Lena chinntiú go ndéanfaimid ár ngealltanais sa réimse seo a chomhlíonadh, déanfaimid an méid seo a leanas: tabharfaimid tús áite do shláinte, do shábháilteacht agus d'fholláine ár bhfoirne; leanfaimid de bheith ag infheistiú inár gceannairí agus inár ndaoine agus díreoimid ár n-iarrachtaí ar na scileanna, na cumais agus na hiompraíochtaí riachtanacha a fhorbairt, ar scileanna, cumais agus iompraíochtaí iad a thacaíonn lenár gclaochlú i dtreo cultúr sofhreagrúil agus nuálach. Beidh ár straitéis chomhchruthaithe ailínithe maidir le pobal agus cultúr ar an gcéad cheann dá leithéid do IBTS, rud a chuirfidh ar a cumas dár seirbhís *Ceangail Fhóinteacha* a bhaint amach.

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid Shéamais, BÁC 8.

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí 1850 731 137

Uimhir Charthanachta Cláraithe: RCN 20006280